


Sláinte na n-Óg – Seachtain na Sláinte



1. Maidin amháin, bhí muid inár suí sa rang Gaeilge. Labhair an príomhoide leis na daltaí **ar an idirchum** ar leathuair tar éis a deich. Dúirt sí go mbeadh Seachtain na Sláinte ar siúl sa scoil. Bhí sí ag iarraidh go mbeadh achan dalta **páirteach inti**.



2. **Bheadh cluichí foirne** ar siúl idir múinteoirí agus daltaí agus bheadh **ranganna aclaíochta** ar siúl sa halla spóirt. Bhí sceitimíní ar gach duine sa scoil. Is iontach an rud é béim a chur ar chúrsaí sláinte. Déanann sé **cuid mhór maitheasa** do gach duine sa scoil.



3. Bheadh bia sláintiúil ar fáil sa cheaintín - Úlla agus oráistí, iógart agus arán donn. Dar leis an phríomhoide, bhí muid ag ithe barraíocht bianna gasta. Cuireann na bianna seo le fadhbanna sláinte. Bhí sé tábhachtach **go dtabharfadh** an scoil dea-shampla dona daltaí.

4. D'eagraigh siad siúlóid urraithe agus fuair na daltaí **cártaí urraíochta** ón rúnaí in oifig na scoile. Ba mhaith leo trealamh spóirt a cheannach leis an airgead. Ar lá na siúlóide, **bhí an t-ádh dearg orainn** mar bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch.



5. Bhí níos mó eolais ar fáil óna múinteoirí agus ó fhoireann spóirt na scoile. Mar sin, bhí na daltaí ábalta dul chuig an mhúinteoir corpoideachais nó chuig múinteoir ar bith eile le ceisteanna. Bhí sé tábhachtach **go n-oibreódh** gach duine lena chéile.



6. D'éirigh go hiontach le Seachtain na Sláinte. Chuaigh an príomhoide ar an chiallaire arís **ag gabháil buíochais leis** na daltaí agus leis na múinteoirí. Seachtain den chéad scoth a bhí ann! Bhain muid idir **taitneamh agus tairbhe** as na himeachtaí uilig. Mar deir an seanfhocail: **“Is fearr an sláinte ná an táinte”**.